BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

27 Samhain 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Dlí na gCuideachtaí – Treoir 2004/25/CE – Tairiscint éigeantach táthcheangail – Cúngach éigeantach a dhéanamh ar shealbhóirí urrús – Cosaint scairshealbhóirí mionlaigh – An tríú fomhír d'Airteagal 15(5) – Toimhde na cóire i dtaca le comaoin ar tháthcheangal – Toimhde infhrisnéise)

I gCás C-567/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Okrožno sodišče v Ljubljani (Cúirt Dúiche Liúibleána, an tSlóivéin), trí bhreith an 6 Meitheamh 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 21 Lúnasa 2024, sna himeachtaí

YO

v

SVEMA TRADE d.o.o.,

idiragraithe:

Scairshealbhóirí mionlaigh de chuid na cuideachta HRAM Holding d.d.,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. L. Arastey Sahún, Uachtarán Dlísheomra, J. Passer, E. Regan, D. Gratsias (Rapóirtéir) agus B. Smulders, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó I. Fresu, procuratore dello Stato,

– Rialtas na Fionlainne, ag A. Laine, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an tSlóivéinis.

– an Coimisiún Eorpach, ag G. Goddin, G. Meeßen agus B. Rous Demiri, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 3 Iúil 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú leis an léiriú atá le déanamh ar an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le tairiscintí táthcheangail (IO 2004 L 142, lch. 12).

2 Tarchuireadh an iarraidh seo mar chuid d'imeachtaí idir YO agus SVEMA TRADE d.o.o. ('SVEMA'), a bhaineann le socrú an chúitimh airgid atá le híoc le scairshealbhóirí mionlaigh na cuideachta HRAM Holding d.d. as díol a n-urrús, le linn tairiscint éigeantach táthcheangail.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Leagtar amach an méid seo a leanas in aithrisí 1 go 3 agus 9 de Threoir 2004/25:

'(1) I gcomhréir le hAirteagal 44(2)(g) [CE], is gá comhordú a dhéanamh, d'fhonn iad a dhéanamh coibhéiseach ar fud an Chomhphobail, ar choimircí áirithe a éilíonn na Ballstáit chun leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe a chosaint, ar coimircí iad a rialaítear le dlí Ballstáit agus a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid Ballstáit.

(2) Is gá leasanna shealbhóirí urrúis na gcuideachtaí atá faoi réir dlí Ballstáit a chosaint nuair a ndéantar tairiscintí táthcheangail ar na cuideachtaí sin nó nuair atá athruithe ceannais ann agus go nglactar le roinnt dá n-urrús ar a laghad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte laistigh de Bhallstát.

(3) Is gá soiléireacht agus trédhearcacht a áirithiú ar leibhéal an Chomhphobail maidir leis na saincheisteanna dlí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu i gcás go ndéantar tairiscintí táthcheangail agus saobhadh ar threochtaí athstruchtúraithe gnóthais sa Chomhphobal mar thoradh ar dhifríochtaí treallacha i gcultúr an riaracháin agus na bainistíochta a chosc.

[...]

(9) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun sealbhóirí urrús, agus go háirithe iad siúd a bhfuil sealúchais mhionlaigh acu, a chosaint nuair a fhaightear ceannas ar a gcuideachtaí. Ba cheart do na Ballstáit an chosaint sin a áirithiú trína cheangal ar an éadálaí a fuair ceannas ar chuideachta tairiscint a dhéanamh le gach sealbhóir urrús sa chuideachta sin ar a shealúchais uile a éadáil ar phraghas cóir i gcomhréir le sainmhíniú coiteann. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ionstraimí eile a chruthú chun leasanna sealbhóirí

urrús a chosaint, amhail an oibleagáid tairiscint pháirteach a dhéanamh i gcás nach bhfaigheann an tairgeoir ceannas ar an gcuideachta nó an oibleagáid tairiscint a fhógairt go comhuaineach le héadáil cheannas na cuideachta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 De réir mar a dhéantar foráil in Airteagal 1(1) di, leagtar síos, leis an Treoir sin, bearta chun comhordú a dhéanamh ar dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin, cóid chleachtais nó forálacha eile na mBallstát, lena n-áirítear forálacha arna mbunú ag eagraíochtaí a bhfuil sé de chumhacht oifigiúil acu margaí a rialáil, maidir le tairiscintí táthcheangail ó chuideachta arna rialú ag dlí Ballstáit, i gcás ina ligtear isteach na hurrúis sin go léir nó cuid díobh chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, de réir bhrí Threoir 93/22/CEE ón gComhairle an 10 Bealtaine 1993 maidir le seirbhísí infheistíochta i réimse na n-urrús (IO 1993 L 141, lch. 27), i mBallstát amháin nó níos mó.

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 2(1) de Threoir 2004/25, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "tairiscint táthcheangail" nó "tairiscint": tairiscint phoiblí (seachas tairiscint arna déanamh ag an gcuideachta is tairgí féin) a dhéantar le sealbhóirí urrús de chuid cuideachta chun na hurrúis sin uile nó cuid díobh a éadáil, bíodh an tairiscint éigeantach nó deonach, ar choinníoll go leanann sí, nó gurb é is cuspóir di, ceannas a fháil ar an gcuideachta is tairgí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(b) ciallaíonn "cuideachta is tairgí": an chuideachta a bhfuil a cuid urrús faoi réir tairiscint;

(c) ciallaíonn "tairgeoir": aon duine nádúrtha nó dlítheanach, bíodh sé poiblí nó príobháideach, a dhéanann tairiscint;

(d) ciallaíonn "daoine ag gníomhú i gcomhbheart": daoine nádúrtha nó dlítheanacha a chomhoibríonn leis an tairgeoir nó leis an gcuideachta is tairgí ar bhonn comhaontaithe, foirmiúil nó intuigthe, ó bhéal nó i scríbhinn, chun ceannas a fháil ar an gcuideachta is tairgí nó chun an tairiscint a chur ó rath;

(e) ciallaíonn "urrúis": urrúis lena ngabhann cearta vótála i gcuideachta;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 3(1) den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun an Treoir seo a chur i bhfeidhm, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na prionsabail seo a leanas:

(a) ní mór cóir chomhionann a thabhairt do gach sealbhóir urrús de chuid na cuideachta is tairgí a bhaineann leis an aicme chéanna; ina theannta sin, má fhaigheann duine ceannas ar chuideachta, ní mór sealbhóirí eile na n-urrús a chosaint;

[...]

(d) ní fhéadfar margaí bréige a chruthú d'urrúis na cuideachta is tairgí, d'urrúis na cuideachta is tairgeoir ná d'aon cuideachta eile atá bainteach leis an tairiscint ar chaoi go n-éireodh ardú nó titim ar phraghsanna na n-urrús saorga agus go ndéanfaí saobhadh ar ghnáthfheidhmiú na margaí;

(e) ní fhéadfaidh tairgeoir tairiscint a fhógairt ach amháin tar éis dó a áirithiú go bhfuil sé in ann comaoin airgid thirim a chomhlíonadh, má dhéantar a leithéid a thairiscint, agus tar éis gach beart réasúnta a dhéanamh lena chinntiú go ndéanfar aon cineál eile comaoine a chur chun feidhme;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 4(1) den Treoir sin, dar teideal 'Údarás maoirseachta agus an dlí is infheidhme':

'Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás nó na húdaráis atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar thairiscint maidir leis na rialacha arna nglacadh nó arna dtabhairt isteach de bhun na Treorach seo. Beidh na húdaráis ina n-údaráis phoiblí nó ina gcomhlachtaí a aithnítear leis an dlí náisiúnta nó a aithníonn údaráis phoiblí a cheaptar go sainráite chun na críche sin leis an dlí náisiúnta. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún [Eorpach] ar an eolas faoi na hainmniúcháin sin, agus sonróidh siad aon deighilt a fhéadfar a dhéanamh ar fheidhmeanna. Áiritheoidh siad go bhfeidhmíonn na húdaráis sin a gcuid feidhmeanna go neamhchlaon agus go neamhspleách ó na páirtithe uile i dtairiscint.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 5 den Treoir úd, dar teideal 'Cosaint do scairshealbhóirí mionlaigh, tairiscint éigeantach agus praghas cóir', i míreanna 1, 3 agus 4 di:

'1. I gcás go bhfuil céatadán sonraithe de na cearta vótála sa chuideachta sin ag duine nádúrtha nó dlítheanach – bíodh sin go díreach nó go hindíreach – mar thoradh ar éadáil arna déanamh aige féin nó mar thoradh ar éadáil arna déanamh ag daoine ag gníomhú i gcomhbheart, i seilbh urrúis cuideachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 1(1) lena dtugtar ceannas dó, sa bhreis ar aon sealúchas eile dá chuid urrús atá ann agus sa bhreis ar na hurrús sin atá ag daoine a ghníomhaíonn i gcomhbheart leis, ar an gcuideachta sin, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar an duine sin tairiscint a dhéanamh mar bhealach chun na scairshealbhóirí mionlaigh sa chuideachta sin a chosaint. A luaithe agus is féidir, déanfar a leithéid de thairiscint do shealbhóirí uile na n-urrús sin ar a gcuid sealúchas uile ar an bpraghas cóir a shainmhínítear i mír 4 é.

[...]

3. Cinnfear an céatadán de chearta vótála lena dtugtar ceannas chun críocha mhír 1, agus an modh ríomha lena aghaidh sin, le rialacha na mBallstát ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta.

4. Measfar gurb é an praghas cóir an praghas is airde a íocann an tairgeoir, nó daoine a ghníomhaíonn i gcomhbheart leis an tairgeoir, ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh ag na

Ballstáit, ó 6 mhí ar a laghad go dtí 12 mhí ar a mhéad roimh an tairiscint dá dtagraítear i mír 1. Más rud é, tar éis an tairiscint a bheith foilsithe go poiblí agus roimh an tairiscint a chur i gcrích i gcomhair a ghlactha, go gceannaíonn an tairgeoir nó aon duine a ghníomhaíonn i gcomhbheart leis urrúis ar phraghas níos airde ná praghas na tairisceana, méadóidh an tairgeoir a thairiscint ionas nach lú a bheidh sé ná an praghas is airde arna íoc as na hurrúis arna n-éadáil ar an gcaoi sin.

Ar choinníoll go n-urramaítear na prionsabail ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 3(1), féadfaidh Ballstáit a údarú dá n-údaráis mhaoirseachta an praghas dá dtagraítear sa chéad fomhír a choigeartú in imthosca agus i gcomhréir le critéir atá sainithe go soiléir. Chuige sin, féadfaidh siad liosta a tharraingt suas de na himthosca inar féidir an praghas is airde a choigeartú in airde nó in ísle, mar shampla sa chás go raibh an praghas is airde socraithe le comhaontú idir an ceannaitheoir agus an díoltóir, sa chás go ndearnadh cúbláil ar phraghsanna margaidh na n-urrús i dtrácht, sa chás go raibh tionchar ag teagmhais eisceachtúla ar phraghasanna margaidh go ginearálta nó praghsanna margaidh áirithe, nó chun a ligean do ghnólacht atá i dtrioblóid a bheith tarrtháilte. Féadfaidh siad an critéir a chinneadh atá le cur i bhfeidhm i gcásanna den sórt sin chomh maith, mar shampla an meánluach margaidh thar thréimhse ar leith, luach leachtaithe na cuideachta nó critéir luachála oibiachtúla eile a úsáidtear go ginearálta in anailís airgeadais.

Caithfear cúiseanna a thabhairt le haon chinneadh ó na húdaráis mhaoirseachta lena n-athraítear an praghas cóir agus caithfear é a chur ar fáil don phobal.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Is é seo a leanas atá in Airteagal 15 de Threoir 2004/25, dar teideal ‘Ceart chun cúngach a dhéanamh’:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit, as diaidh tairiscint a dhéantar le sealbhóirí uile urrúis na cuideachta is tairgí ar a gcuid urrús uile, go mbeidh feidhm le míreanna 2 go 5.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh tairgeoir a cheangal ar shealbhóirí uile na n-urrús atá fágtha na hurrúis sin a dhíol leis an tairgeoir ar phraghas cóir. Tabharfaidh na Ballstáit an ceart sin isteach i gceann amháin den dá chás seo a leanas:

(a) i gcás ina sealbhaíonn an tairgeoir urrúis arb ionann iad agus 90 % ar a laghad den chaipiteal ag a bhfuil cearta vótála agus 90 % de chearta vótála na cuideachta is tairgí,

nó

(b) más rud é, as diaidh ghlactha na tairisceana, go bhfuil sé tar éis urrúis a éadáil arb ionann iad agus céatadán nach lú na 90 % de chaipiteal na cuideachta is tairgí a bhfuil cearta vótála agus gabháil leis agus 90 % de na cearta vótála a bhí mar chuid den tairiscint, nó go bhfuil conradh daingean aige chun iad sin éadáil.

Sa chás dá dtagraítear i bpointe (a), féadfaidh na Ballstáit tairseach níos airde a shocrú ar choinníoll nach sáraíonn sé 95 % den chaipiteal lena ngabhann cearta vótála ná 95 % de na cearta vótála.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rialacha i bhfeidhm chun a ríomh cathain a shroichtear an tairseach.

I gcás ina bhfuil níos mó ná aicme amháin urrús eisithe ag an gcuideachta is tairgí, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach bhféadfar feidhm a bhaint as an gceart chun cúngach éigeantach a dhéanamh ach amháin don aicme inar sroicheadh an tairseach a leagtar síos i mír 2.

4. Más mian leis an tairgeoir feidhm a bhaint as an gceart chun cúngach éigeantach a dhéanamh, feidhmeoidh sé é laistigh de 3 mhí ó dheireadh na tréimhse chun glacadh leis an tairiscint dá bhforáiltear in Airteagal 7.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar praghas cóir. Ní mór an praghas sin a bheith san fhoirm chéanna leis an gcomaoin i leith na tairisceana nó airgead tirim a bheidh ann. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le hairgead tirim a thairiscint mar rogha, ar a laghad.

As diaidh tairiscint dheonach, sa dá chás dá bhforáiltear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2, toimhdeofar go bhfuil an chomaoin i leith na tairisceana cóir má tá urrúis éadáilte ag an tairgeoir, trí ghlacadh leis an tairiscint, arb ionann iad agus 90 % ar a laghad den chaipiteal ag a bhfuil cearta vótála a bhí mar chuid den tairiscint.

As diaidh tairiscint éigeantach, tá toimhde ann go bhfuil comaoin na tairisceana cóir.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 16 den Treoir sin, dar teideal ‘Ceart chun ceannaigh éigeantaigh’:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit, as diaidh tairiscint a bheith déanta le sealbhóirí uile urrúis na cuideachta is tairgí ar a gcuid urrús uile, go mbeidh feidhm ag míreanna 2 agus 3.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh sealbhóir urrús atá fágtha a cheangal ar an tairgeoir a chuid urrús a cheannach ar phraghas cóir faoi na coinníollacha céanna atá leagtha síos in Airteagal 15(2).

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 15(3) go (5).’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Slóivéine

11 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 68 den Zakon o prevzemih (Dlí maidir le hÉadálacha) an 14 Iúil 2006 (Uradni list RS, Uimh. 79/06), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (‘an Dlí maidir le hÉadálacha’):

‘1. Beidh feidhm ag forálacha de dhlí na gCuideachtaí a bhaineann le scairshealbhóirí mionlaigh na cuideachta a eisiamh mura bhforáiltear dá mhalairt i mír 2 den airteagal seo, maidir le heisiamh scairshealbhóirí mionlaigh na cuideachta is tairgí inar éadáil an t-éadálaí 90 % ar a laghad de na scaireanna uile a bhfuil cearta vótála acu sa chuideachta sin agus a d’éadáil an tsealúchais sin trí ghlacadh le tairiscint éigeantach táthcheangail rathúil nó trí ghlacadh le tairiscint rathúil táthcheangail shaorálaigh, ar ghlac sealbhóirí ag a bhfuil 90 % ar a laghad de na scaireanna a bhfuil cearta vótála acu sa chuideachta is tairgí lenar bhain an tairiscint sin léi.

2. Má ghlacann cruinniú ginearálta na cuideachta is tairgí, ar thogra ón éadálaí i gcáil príomh-scairshealbhóir rún, laistigh de 3 mhí ó fhógairt thoradh na tairisceana táthcheangail dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, maidir le scaireanna na scairshealbhóirí mionlaigh a aistriú chuig an bpríomh-scairshealbhóir, tairgfidh an t-éadálaí mar chúiteamh airgeadais, in ionad na suime airgid a shocraítear leis an dlí lena rialaítear na cuideachtaí tráchtála, cúiteamh den chineál agus den mhéid a shonraítear sa tairiscint táthcheangail.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

12 Is scairshealbhóir mionlaigh de HRAM Holding é YO a bhfuil a scaireanna liostáilte ar Stocmhalartán na Slóivéine.

13 Ba é SVEMA, a raibh 19.77 % de na scaireanna in HRAM Holding ina sheilbh aige ar dtús, an scairshealbhóir ba mhó a bhí ag HRAM Holding tar éis 67.56 % breise de na scaireanna in HRAM Holding a cheannach an 30 Meán Fómhair 2021. Ós rud é, dá bhrí sin, gur sáraíodh an tairseach ceannais a leagtar síos i reachtaíocht na Slóivéine le sealúchas SVEMA in HRAM Holding, d'údaraigh Údarás Maoirseachta Urrús na Slóivéine do SVEMA tairiscint éigeantach táthcheangail a sheoladh, rud a rinne sé an 27 Deireadh Fómhair 2021. As diaidh na tairisceana sin, bhí 90.51 % de na scaireanna in HRAM Holding ag SVEMA.

14 Ós rud é gur éirigh leis an tairiscint sin, de réir bhrí Airteagal 68 den Dlí maidir le hÉadálacha, ghlac cruinniú ginearálta HRAM Holding, laistigh de 3 mhí ón éadáil sin, ar thogra ó SVEMA, rún lena gceanglaítear ar scairshealbhóirí mionlaigh HRAM Holding a scaireanna a dhíol le SVEMA, ar mhaithe le cúiteamh airgeadais den mhéid céanna arna shocrú, in aghaidh gach scaire, sa tairiscint táthcheangail a sheol SVEMA.

15 Tugadh caingean os comhair Okrožno sodišče v Ljubljani (Cúirt Dúiche Liúibleána, an tSlóivéin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag iarraidh cinneadh breithiúnach a dhéanamh maidir leis an gcúiteamh airgeadais iomchuí atá le híoc ag SVEMA le scairshealbhóirí mionlaigh HRAM Holding chun a scaireanna a cheannach go héigeantach.

16 Le cinneadh an 27 Eanáir 2023, ceapadh comhionadaí ó scairshealbhóirí mionlaigh HRAM Holding chun críocha na n-imeachtaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Aontaíonn an t-ionadaí sin leis na hargóintí a chuir YO chun cinn ina chaingean.

17 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le léiriú an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25, chun Airteagal 68 den Dlí maidir le hÉadálacha a léiriú, lenar trasuíodh an Treoir sin i gcóras dlí na Slóivéine. Go háirithe, tagann an cheist chun cinn an gá an toimhde a bhunaítear ag an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) den Treoir sin a mheas mar thoimhde infhrisnéise nó dofhrisnéise. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, ní féidir freagra a thabhairt ar an gceist sin le foclaíocht na forála sin amháin, i bhfianaise na ndifríochtaí idir na leaganacha teanga éagsúla den fhoráil sin.

18 Sna himthosca sin, chinn Okrožno sodišče v Ljubljani (Cúirt Dúiche Liúibleána) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An gcaithfear an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir [2004/25] a léiriú sa chaoi nach mór a mheas go bhfuil an toimhde dá bhforáiltear san fhoráil sin den Treoir sin dofhrisnéise nó infhrisnéise?

2) Má tá an toimhde sin maidir le [comaoin a bheith cóir] le meas mar thoimhde infhrisnéise, an bhfuil cineál coibhneasta na toimhdean sin neamhtheoranta nó, de réir mar a bheidh, teoranta d'imthosca sonracha?'

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

19 Lena ceisteanna, ar cheart scrúdú a dhéanamh orthu le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25 a léiriú sa chaoi nach mór an toimhde a bhunaítear leis an bhforáil sin, ar dá réir atá an breithniú le haghaidh tairiscint éigeantach táthcheangail cóir, a mheas mar thoimhde infhrisnéise agus, más amhlaidh atá, cad iad na coinníollacha faoina gcaithfear a mheas gur bréagnaíodh an toimhde sin.

20 I gcomhréir le hAirteagal 15(1) agus (2) de Threoir 2004/25, ní mór do na Ballstáit a áirithiú, i gcás ina ndearnadh tairiscint do shealbhóirí uile na n-urrús sa chuideachta lena mbaineann maidir lena n-urrúis uile, go bhféadfaidh tairgeoir, faoi choinníollacha áirithe, a cheangal ar shealbhóirí uile na n-urrús atá fágtha na hurrúis sin a dhíol leis ar phraghas cóir. I ndáil leis sin, foráiltear leis an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) den Treoir sin, as diaidh tairiscint éigeantach táthcheangail, de réir bhrí Airteagal 5(1) den Treoir sin, go bhfuil 'toimhde ann go bhfuil comaoin na tairisceana cóir'.

21 Cé go dtagraítear go sainráite in Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25 do thoimhde a bheith ann, ní shonraítear ann an bhfuil an toimhde sin infhrisnéise nó neamh-infhrisnéise.

22 Tagraítear do thoimhde i roinnt leaganacha teanga den mhír sin, amhail sa Ghréigis, sa Bhéarla, sa Fhraincis nó sa Phortaingéilis, gan a chineál a shonrú, áfach. Os a choinne sin, úsáidtear briathra sna leaganacha teanga eile den mhír sin, go háirithe an Spáinnis, an Ghearmáinis agus an Iodáilis nó, mar a shonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, an tSlóivéinis, lena dtugtar le fios nach féidir an toimhde a leagtar síos léi a fhrisnéis.

23 De réir cásdlí socair, áfach, ní féidir leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i gceann de na leaganacha teanga d'fhoráil de dhlí an Aontais a bheith ina bunús aonair le léiriú na forála sin agus ní féidir tosaíocht a thabhairt di ar na leaganacha teanga eile. Ní mór forálacha dhlí an Aontais a léiriú agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i bhfianaise na leaganacha go léir a dréachtaíodh i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh. Mar sin, i gcás éagsúlacht idir na leaganacha teanga de théacs de dhlí an Aontais, ní mór an fhoráil atá i gceist a léiriú trí thagairt a dhéanamh do scéim ghinearálta agus do chuspóir na reachtaíochta ar cuid di í (breithiúnais an 27 Deireadh Fómhair 1977, *Bouchereau*, 30/77, EU:C:1977:172, mír 14; agus an 30 Aibreán 2025, *Celní jednatelství Zelinka*, C-330/24, EU:C:2025:296, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Dá bhrí sin, chun na ceisteanna a tharchuirtear a fhreagairt, ní mór dul ar aghaidh agus an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25 a léiriú i bhfianaise scéim ghinearálta agus chuspóir na Treorach sin.

25 Maidir le scéim ghinearálta Threoir 2004/25, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcás ina bhfaigheann duine nádúrtha nó dlítheanach ceannas ar chuideachta a chumhdaítear leis an Treoir sin, go leagtar síos nós imeachta dhá chéim leis an Treoir sin, a bhféadfadh éadáil na scaireanna uile sa chuideachta sin a bheith mar thoradh air.

26 Ar an gcéad dul síos, leagtar síos le hAirteagal 5(1) de Threoir 2004/25 prionsabal na tairisceana éigeantaí táthcheangail chun sealúchais cuideachta ar leith a éadáil. Foráiltear leis, dá bhrí sin, i gcás ina sealbhaíonn duine nádúrtha nó dlítheanach urrúis lena dtugtar ceannas dó ar

chuideachta a chumhdaítear leis an Treoir sin, go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé d'oibleagáid ar an duine sin tairiscint a dhéanamh d'fhonn scairshealbhóirí mionlaigh na cuideachta sin a chosaint, agus go gcaithfeadh an tairiscint sin sealúchais uile na scairshealbhóirí sin a chumhdach ar an 'bpraghas cóir' a shainmhínítear in Airteagal 5(4) den Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Iúil 2017 *Marco Tronchetti Provera agus páirtithe eile*, C-206/16, EU:C:2017:572, mír 29, agus an 10 Nollaig 2020, *Euromin Holdings (Cyprus)*, C-735/19, EU:C:2020:1014, mír 43).

27 Ar an dara dul síos, maidir le sealbhóirí urrúis na cuideachta atá faoi réir tairiscint táthcheangail nár ghlac leis an tairiscint sin, foráiltear le hAirteagal 15(2) de Threoir 2004/25, faoi choinníollacha áirithe, don tairgeoir 'ceart chun cúngach éigeantach a dhéanamh' ar na sealbhóirí sin, trína cheangal orthu a n-urrúis a dhíol leis. Foráiltear le hAirteagal 16(2) den Treoir sin freisin don cheart comhfhreagrach atá ag gach sealbhóir urrús atá fágtha – de chuid na cuideachta lena mbaineann – a cheangal ar an tairgeoir a chuid urrús a cheannach.

28 Mar a cuireadh in iúl cheana i mír 26 den bhreithiúnas seo, foráiltear le hAirteagal 5(1) de Threoir 2004/25 nach mór don phraghas a thairgtear do scairshealbhóirí mionlaigh, i gcomhthéacs tairiscint éigeantach táthcheangail ar a scaireanna, a bheith 'cóir'. Maidir leo féin, foráiltear le hAirteagal 15(2) agus Airteagal 16(2) den Treoir sin, faoi seach, nach mór sealbhóirí na n-urrús atá fágtha de chuid cuideachta a chumhdaítear leis an Treoir sin a tharraingt siar nó na hurrúis sin a cheannach go héigeantach 'ar phraghas cóir'.

29 I ndáil leis sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 51 dá Thuairim, ní bhaineann sé le hábhar, i leaganacha teanga áirithe de Threoir 2004/25, go bhfuil an aidiacht a úsáidtear chun an 'praghas' dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (4) den Treoir sin a cháiliú éagsúil leis an aidiacht a úsáidtear chun an praghas dá dtagraítear in Airteagal 15(2) agus (5) agus Airteagal 16(2) den Treoir sin a cháiliú.

30 I leaganacha teanga eile de Threoir 2004/25, tagraíonn na forálacha sin don aidiacht chéanna chun cur síos a dhéanamh ar 'praghas' agus, fiú i gcás nach amhlaidh atá, is ionann an bhrí atá leis an dá aidiacht cháilitheacha a úsáidtear, amhail, mar shampla, sa leagan Fraincise de na forálacha sin, ina n-úsáidtear na haidiachtaí '*équitable*' agus '*juste*'.

31 Maidir leis an bpraghas 'cóir' nó 'cothromasach' a chinneadh, praghas a íoctar i gcomaoin ar urrúis ar le scairshealbhóirí mionlaigh cuideachta iad a éadáil, roghnaítear modh oibiachtúil go príomha le Treoir 2004/25.

32 Dá bhrí sin, meastar sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(4) de Threoir 2004/25, go príomha, gurb é an praghas cóir an praghas is airde a íocann an tairgeoir, nó daoine ag gníomhú i gcomhbheart leis, ar na hurrúis chéanna, ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit ó 6 mhí ar a laghad go dtí 12 mhí ar a mhéad roimh an tairiscint dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Iúil 2017, *Marco Tronchetti Provera agus páirtithe eile*, C-206/16, EU:C:2017:572, mír 30, agus an 10 Nollaig 2020, *Euromin Holdings (Cyprus)*, C-735/19, EU:C:2020:1014, mír 44).

33 Glactar leis freisin gur praghas cóir é an praghas cóir a ríomhtar amhlaidh de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25, a bhaineann le cúngach éigeantach a dhéanamh ar scairshealbhóirí, dá dtagraítear in Airteagal 16(3) den Treoir sin freisin, a bhaineann le ceannach éigeantach scaireanna.

34 Foráiltear leis an dara fomhír d'Airteagal 5(4) de Threoir 2004/25, áfach, go bhféadfaidh na Ballstáit, faoi réir chomhlíonadh na bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Treoir sin, údarú a thabhairt dá n-údaráis mhaoirseachta, dá dtagraítear in Airteagal 4 den Treoir sin, an praghas dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(4) den Treoir sin a choigeartú in imthosca agus critéir atá sainithe go soiléir. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit, ar thaobh amháin, liosta imthosca a tharraingt suas ina bhféadfar an praghas sin a choigeartú in airde nó in ísle agus, ar an taobh eile, na critéir atá le húsáid sna cásanna a leagtar amach mar shampla sa dara fomhír sin a shainiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Iúil 2017, *Marco Tronchetti Provera agus páirtithe eile*, C-206/16, EU:C:2017:572, mír 31, agus an 10 Nollaig 2020, *Euromin Holdings (Cyprus)*, C-735/19, EU:C:2020:1014, mír 45).

35 Dá bhrí sin, aithnítear i dTreoir 2004/25, in imthosca áirithe, go bhféadfadh sé nach mbeadh praghas ceannaigh ar urrúis scairshealbhóirí mionlaigh cuideachta a chumhdaítear leis an Treoir sin, arna mholadh i gcomhthéacs tairiscint éigeantach táthcheangail agus arna ríomh ar bhonn an mhodha oibiachtúil a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(4) de, 'cothromasach' nó 'cóir' agus go bhféadfadh sé gur ghá é a choigeartú.

36 Dá bhrí sin, tá claonadh air, ó bhreithniú a dhéanamh ar chomhthéacs Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25, a bheith i bhfabhar léiriú ar an bhforáil sin sa chiall go bhféadfar, in imthosca áirithe, an toimhde a bhunaítear léi a fhrisnéis.

37 D'fhéadfadh sé nár cuireadh in iúl do na húdaráis sin, i gcomhréir leis an gcumhacht a thugtar do na Ballstáit sa dara fomhír d'Airteagal 5(4) den Treoir sin, go ndéanfadh a n-údaráis mhaoirseachta coigeartú in airde nó in ísle ar phraghas tairisceana éigeantaí táthcheangail d'fhonn coigeartú den sórt sin a dhéanamh, nó nach dtagann siad chun cinn go dtí go ndúntar an tairiscint sin, i gcás nach féidir coigeartú den sórt sin a dhéanamh a thuilleadh.

38 Thairis sin, mura bhfeidhmíonn Ballstát an rogha sin, ní bheifear in ann an praghas a thairgtear i gcomhthéacs tairiscint éigeantach táthcheangail a choigeartú, fiú má tá imthosca ann, amhail iad siúd a bheartaítear leis an bhforáil sin, a d'fhéadfadh údar a thabhairt le coigeartú ar an bpraghas sin. Sa chás sin, ní féidir ach le frisnéis na toimhdean dá bhforáiltear sa tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25 a áirithiú go bhfuil an praghas tairisceana – i gcomhthéacs an chirt chun cúngach éigeantach a dhéanamh ar shealbhóirí urrús nó chun ceannaigh éigeantaigh urrús – 'cóir', mar a cheanglaítear le hAirteagail 15 agus 16 den Treoir sin.

39 Anuas air sin, bheadh sé saobhchiallda glacadh leis, cé go n-aithnítear le Treoir 2004/25 go bhféadfaí coigeartú a dhéanamh ar an bpraghas a thairgtear i gcomhthéacs tairiscint éigeantach táthcheangail, maidir le tairiscint a fhéadfaidh gach scairshealbhóir a chinneadh ar deireadh gan glacadh léi, i gcás ina gceanglaítear ar an scairshealbhóir a scaireanna a dhíol, i gcás cúngach éigeantach a bheith á dhéanamh ar shealbhóirí urrús, nó i gcás go gceanglaítear ar an scairshealbhóir tromlaigh scaireanna a cheannach, i gcomhthéacs ceannach éigeantach, ní féidir an praghas ceannaigh a athrú tríd an toimhde a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 15(5) den Treoir sin a aisiompú.

40 Tá claonadh ann chomh maith, ó breithniú ar an gcuspóir a shaothraítear le Treoir 2004/25 a bheith i bhfabhar na toimhdean sin a bheith infhrisnéise.

41 Mar is léir ó aithrisí 1 go 3 agus 9 de Threoir 2004/25, is é cuspóir na Treorach sin cosaint a thabhairt do leasanna sealbhóirí urrús cuideachtaí ar ghlac duine nádúrtha nó dlítheanach ceannas orthu agus lena bhféachtar, ón taobh sin, le soiléireacht agus trédhearcacht na rialacha maidir le tairiscintí táthcheangail a áirithiú (breithiúnas an 20 Iúil 2017, *Marco Tronchetti Provera agus páirtithe eile*, C-206/16, EU:C:2017:572, mír 24).

42 Ina theannta sin, áirítear leis na prionsabail atá le comhlíonadh i gcur i bhfeidhm Threoir 2004/25, a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Treoir sin agus a aicmítear mar 'phrionsabail ghinearálta' leis an bhforáil sin, an prionsabal nach mór sealbhóirí urrús a chosaint nuair a fhaigheann duine ceannas ar chuideachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Iúil 2017, *Marco Tronchetti Provera agus páirtithe eile*, C-206/16, EU:C:2017:572, mír 26).

43 Bheadh sé i gcontrárthacht leis an gcuspóir sin glacadh leis go bhféadfadh sé a bheith d'oibleagáid orthu, i gcomhthéacs cúngach éigeantach a bheith á dhéanamh orthu, a n-urrúis a dhíol leis an duine a fuair ceannas ar an gcuideachta lena mbaineann ar an bpraghas a thairgtear i dtairiscint éigeantach táthcheangail, gan an fhéidearthacht a bheith ann córa an phraghais sin a dhíospóid, cé go gceadaítear le Treoir 2004/25, sa dara fomhír d'Airteagal 5(4) dá cuid, go bhféadfadh sé a bheith riachtanach, in imthosca áirithe, praghas den sórt sin a leasú chun a áirithiú go bhfuil sé cóir nó cothromasach.

44 Maidir leis na himthosca ina bhféadfar an toimhde a bhunaítear sa tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25 a mheas mar bheith frisnéiste, caithfear – mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 82 dá Thuairim – an ceangal a dhéantar sa Treoir sin a chur san áireamh, eadhon, an ceangal idir an praghas a luaitear sa tairiscint éigeantach táthcheangail agus an praghas ar a gcaithfear na hurrúis atá fágtha – atá faoi réir an chúngaigh éigeantaigh a bheith á dhéanamh ar shealbhóirí urrús nó le ceannach éigeantach urrús – a cheannach.

45 Mar a cuireadh in iúl i mír 34 den bhreithiúnas seo, leis an dara fomhír d'Airteagal 5(4) de Threoir 2004/25, tugtar an ceart do na Ballstáit, faoi réir chomhlíonadh na bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Treoir sin, údarú a thabhairt dá n-údaráis mhaoirseachta praghas tairisceana éigeantaí táthcheangail a choigeartú in imthosca agus i gcomhréir le critéir atá sainithe go soiléir, a bhfuil roinnt samplaí díobh leagtha amach sa dara fomhír d'Airteagal 5(4). Mar sin féin, ní chuirtear cosc ar na Ballstáit, leis an rogha sin, leas a bhaint as coincheapa dlíthiúla teibí sa reachtaíocht a ghlacann siad chun críche an fhoráil deiridh sin a thrasuí (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Iúil 2017, *Marco Tronchetti Provera agus páirtithe eile*, C-206/16, EU:C:2017:572, míreanna 37 go 42).

46 I gcás inar fheidhmigh Ballstát an rogha sin agus inar shainigh sé na himthosca inar féidir coigeartú a dhéanamh ar phraghas tairisceana éigeantaí táthcheangail, ní mór a mheas go bhféadfadh na himthosca sin, má shuitear iad, a bheith ina n-údar le frisnéis na toimhdean dá bhforáiltear sa tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25, ar choinníoll nár cuireadh in iúl d'údarás maoirseachta an Bhallstáit sin iad nó nach dtaispeántar iad go dtí tar éis dhúnadh na tairisceana sin, i gcás nach féidir leasú den sórt sin a dhéanamh a thuilleadh.

47 Thairis sin, i gcás nár bhain an Ballstát lena mbaineann úsáid as an rogha a thugtar dó leis an dara fomhír d'Airteagal 5(4) de Threoir 2004/25, ní mór a mheas go bhfuil na samplaí d'imthosca lena bhféadfaí údar a thabhairt le praghas tairisceana éigeantaí táthcheangail a choigeartú agus leis na critéir atá le húsáid in imthosca den sórt sin – dá bhforáiltear leis an bhforáil sin – in ann údar a thabhairt freisin le frisnéis na toimhdean dá bhforáiltear sa tríú fomhír d'Airteagal 15(5) den Treoir sin.

48 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25 a léiriú sa chaoi nach mór an toimhde a bhunaítear leis an bhforáil sin – ar dá réir atá an chomaoin le haghaidh tairiscint éigeantach táthcheangail cóir – a mheas mar thoimhde infhrisnéise a fhéadfar a fhrisnéis in imthosca amhail na himthosca dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 5(4) den Treoir sin nó arna sainiú ag an mBallstát lena mbaineann de bhun na forála deiridh sin, ar choinníoll nár cuireadh na himthosca sin in iúl d'údarás maoirseachta an Bhallstáit sin, d'fhonn praghas na tairisceana éigeantaí táthcheangail roimh ré a choigeartú, nó nach bhfuil siad le feiceáil ach amháin tar éis dhúnadh na tairisceana sin, nuair nach féidir an coigeartú sin a dhéanamh a thuilleadh.

Costais

49 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir leis an tríú fomhír d'Airteagal 15(5) de Threoir 2004/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le tairiscintí táthcheangail,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní mór an toimhde a bhunaítear leis an bhforáil sin – ar dá réir atá an chomaoin le haghaidh tairiscint éigeantach táthcheangail cóir – a mheas mar thoimhde infhrisnéise a fhéadfar a fhrisnéis in imthosca amhail na himthosca dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 5(4) den Treoir sin nó arna sainiú ag an mBallstát lena mbaineann de bhun na forála deiridh sin, ar choinníoll nár cuireadh na himthosca sin in iúl d'údarás maoirseachta an Bhallstáit sin, d'fhonn praghas na tairisceana éigeantaí táthcheangail roimh ré a choigeartú, nó nach bhfuil siad le feiceáil ach amháin tar éis dhúnadh na tairisceana sin, i gcás nach féidir an coigeartú sin a dhéanamh a thuilleadh.

Sínithe